RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/237 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Nollaig 2020

lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialacháin Tharmligthe (AE) 2015/2205, (AE) 2016/592 agus (AE) 2016/1178 maidir leis an dáta óna ngabhfaidh éifeacht leis an oibleagáid imréitigh le haghaidh cineálacha áirithe conarthaí

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I Rialacháin Tharmligthe (AE) 2015/2205 ([2]), (AE) 2016/592 ([3]) agus (AE) 2016/1178 ([4]) ón gCoimisiún sonraítear, i measc nithe eile, dátaí éifeachtacha na hoibleagáide imréitigh le haghaidh conarthaí a bhaineann le haicmí díorthach thar an gcuntar a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann leis na Rialacháin sin. Leagtar síos leis na Rialacháin sin dátaí iarchurtha chur i bhfeidhm na hoibleagáide imréitigh le haghaidh conarthaí díorthach thar an gcuntar arna dtabhairt i gcrích idir contrapháirtithe atá ina gcuid den ghrúpa céanna agus i gcás ina bhfuil contrapháirtí amháin bunaithe i dtríú tír agus an contrapháirtí eile bunaithe san Aontas. Bhí gá leis na dátaí iarchurtha sin chun a áirithiú nach raibh na conarthaí díorthach thar an gcuntar sin faoi réir na hoibleagáide imréitigh sular glacadh gníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(2) Ó 2018 i leith, níor glacadh aon ghníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 i ndáil leis an oibleagáid imréitigh. Tá cur i bhfeidhm na hoibleagáide imréitigh le haghaidh conarthaí díorthach thar an gcuntar arna dtabhairt i gcrích idir contrapháirtithe atá ina gcuid den ghrúpa céanna agus i gcás ina bhfuil contrapháirtí amháin bunaithe i dtríú tír agus an contrapháirtí eile bunaithe san Aontas curtha siar dá bhrí sin le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/667 ón gCoimisiún ([5]), go dtí an 21 Nollaig 2020 nó go dtí go nglacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin. D'ainneoin na n-iarrachtaí atá déanta chun anailís a dhéanamh ar dhlínsí tríú tír a bhféadfadh údar a bheith le haon ghníomh cur chun feidhme den sórt sin ina leith, níor glacadh aon ghníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 fós i ndáil leis an oibleagáid imréitigh. Dá bhrí sin, ba cheart cur i bhfeidhm na hoibleagáide imréitigh maidir leis na conarthaí sin a chur siar tuilleadh chun an tionchar díobhálach eacnamaíoch neamhbheartaithe a bheadh ann mar gheall ar dhul in éag na díolúine sin ar ghnólachtaí Aontais a sheachaint.

(3) Rinneadh tríú tír den Ríocht Aontaithe an 1 Feabhra 2020 agus scoirfidh dlí an Aontais d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe an 31 Nollaig 2020. Ní chuirtear san áireamh, áfach, leis an oibleagáid imréitigh a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 an cás ina bhféadfadh Ballstát a bheith ag tarraingt siar as an Aontas. Sonraítear i Rialacháin Tarmligthe (AE) 2015/2205, (AE) 2016/592 agus (AE) 2016/1178 na dátaí óna mbeidh feidhm ag an oibleagáid imréitigh maidir le conarthaí a bhaineann le haicmí áirithe de dhíorthaigh thar an gcuntar. Ina theannta sin, foráiltear leis na Rialacháin sin do dhátaí éagsúla de réir chatagóir an chontrapháirtí maidir leis na conarthaí sin. Ní féidir le contrapháirtithe a thuar cén stádas a d'fhéadfadh

([1]) IO L 201, 27.7.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2205 ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála le haghaidh na hoibleagáide imréitigh (IO L 314, 1.12.2015, lch. 13).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/592 ón gCoimisiún an 1 Márta 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála le haghaidh na hoibleagáide imréitigh (IO L 103, 19.4.2016, lch. 5).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1178 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála le haghaidh na hoibleagáide imréitigh (IO L 195, 20.7.2016, lch. 3).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/667 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 lena leasaítear Rialacháin Tarmligthe (AE) 2015/2205, (AE) 2016/592 agus (AE) 2016/1178 chun síneadh a chur leis na dátaí ar a gcuirfear cur i bhfeidhm na hoibleagáide imréitigh siar i gcás conarthaí díorthach áirithe thar an gcuntar (IO L 113, 29.4.2019, lch. 1).

a bheith ag contrapháirtí atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe nó a mhéid a bheadh an contrapháirtí sin in ann leanúint de sheirbhísí áirithe a sholáthar do chontrapháirtithe atá bunaithe san Aontas. Dá bhrí sin, na dúshláin atá roimh na páirtithe i gconradh díorthach thar an gcuntar a bhfuil a gcontrapháirtithe bunaithe sa Ríocht Aontaithe, is iarmhairtí díreacha iad ar theagmhas nach bhfuil neart acu air agus féadfaidh siad iad a chur faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le contrapháirtithe eile san Aontas.

(4) Chun aghaidh a thabhairt ar an gcás sin, d'fhéadfadh sé gur mhaith le contrapháirtithe an conradh a nuachan trí chontrapháirtí i mBallstát a chur in ionad an chontrapháirtí atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe. Más rud é, de bharr tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas, go gcinnfear contrapháirtí nua atá bunaithe san Aontas a chur in ionad an chontrapháirtí atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe, féadfaidh an t-athsholáthar an oibleagáid imréitigh a ghníomhachtú má tharlaíonn sé ar an dáta nó tar éis an dáta óna ngabhfaidh éifeacht leis an oibleagáid imréitigh le haghaidh an chineáil sin conartha. Dá thoradh sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar na páirtithe an conradh sin a imréiteach i gcontrapháirtí lárnach údaraithe nó aitheanta. Ós rud é go bhfuil conarthaí arna n-imréiteach go lárnach faoi réir córas éagsúil comhthaobhachta seachas conarthaí nach bhfuil imréitithe go lárnach, d'fhéadfadh sé go bhféadfaí, tríd an oibleagáid imréitigh a ghníomhachtú, iallach a chur ar chontrapháirtithe áirithe scor dá n-idirbhearta, rud a d'fhágfadh go mbeadh rioscaí áirithe neamhfhálaithe ann. Chun feidhmiú rianúil an mhargaidh agus cothrom iomaíochta idir contrapháirtithe atá bunaithe san Aontas a áirithiú, ba cheart do chontrapháirtithe a bheith in ann contrapháirtithe atá bunaithe i mBallstát a chur in ionad contrapháirtithe atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe gan an oibleagáid imréitigh a ghníomhachtú.

(5) Ina theannta sin, ba cheart a ndóthain ama a thabhairt do chontrapháirtithe ionadú a dhéanamh ar a gcontrapháirtithe atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe. Ba cheart, dá bhrí sin, an dáta óna bhféadfar an oibleagáid imréitigh a ghníomhachtú le haghaidh nuachan na gconarthaí sin a chur siar.

(6) Leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 le Rialachán (AE) 2019/834 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]). Maidir le conarthaí díorthach áirithe thar an gcuntar arna dtabhairt i gcrích sula ngabhfaidh éifeacht leis an oibleagáid imréitigh, ní cheanglaítear iad a imréiteach a thuilleadh de thoradh an leasaithe sin. Ní cheanglaítear a thuilleadh ach an oiread na híosaibíochtaí atá fágtha de na conarthaí díorthach thar an gcuntar dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a shonrú. Dá bhrí sin, níor cheart íosaibíochtaí atá fágtha a shonrú a thuilleadh i Rialacháin Tharmligthe (AE) 2015/2205, (AE) 2016/592 agus (AE) 2016/1178.

(7) Ba cheart Rialacháin Tharmligthe (AE) 2015/2205, (AE) 2016/592 agus (AE) 2016/1178 a leasú dá réir.

(8) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí.

(9) Is coigeartuithe teoranta ar an gcreat rialála atá ann cheana iad na leasuithe ar Rialacháin Tharmligthe (AE) 2015/2205, (AE) 2016/592 agus (AE) 2016/1178. I bhfianaise raon feidhme teoranta na leasuithe agus a phráinní atá an cás, bheadh sé thar a bheith díréireach do ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte nó anailísí poiblí a dhéanamh ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith leo. Ar na cúiseanna céanna, ní dheachaigh ESMA i gcomhairle leis an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) ar cuireadh é sin in iúl dó dá réir.

([6]) Rialachán (AE) 2019/834 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, i dtaca leis an oibleagáid imréitigh, le fionraí na hoibleagáide imréitigh, leis na ceanglais tuairiscithe, le teicnící maolaithe riosca le haghaidh conarthaí díorthach thar an gcuntar nach n-imréitíonn contrapháirtí lárnach, le clárú agus le maoirseacht stórtha trádála agus leis na ceanglais ar stórtha trádála (IO L 141, 28.5.2019, lch. 42).

([7]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

(10) Is gá deimhneacht dhlíthiúil a thabhairt do rannpháirtithe sa mhargadh a luaithe is féidir ionas go mbeidh siad in ann ullmhú go leordhóthanach chun na ceanglais faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a chomhlíonadh, a ndéanfaidh an Rialachán seo difear dá gcur i bhfeidhm, go háirithe i ndáil leis na ceanglais a bhfuil an spriocdháta reatha is infheidhme ag druidim leo go tapa. Ba cheart an Rialachán seo a thabhairt i bhfeidhm ar bhonn práinne,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2205

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2205 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre, pointe (a):

"(a) 30 Meitheamh 2022 i gcás nár glacadh cinneadh coibhéise de bhun Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 chun críocha Airteagal 4 den Rialachán sin lena gcumhdaítear na conarthaí díorthach thar an gcuntar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo i dtaca leis an tríú tír ábhartha;";

(b) cuirtear isteach an mhír 3 seo a leanas:

"3. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, maidir le conarthaí a bhaineann le haicme díorthach thar an gcuntar a leagtar amach san Iarscríbhinn, beidh éifeacht ag an oibleagáid imréitigh ón 18 Feabhra 2022 i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) níl an oibleagáid imréitigh gníomhachtaithe faoin 18 Feabhra 2021;

(b) déantar na conarthaí a nuachan chun contrapháirtí atá bunaithe i mBallstát a chur in ionad an chontrapháirtí atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe, agus chun na críche sin amháin.";

(2) Scriostar Airteagal 4.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/592

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/592 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre, pointe (a):

"(a) 30 Meitheamh 2022 i gcás nár glacadh cinneadh coibhéise de bhun Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 chun críocha Airteagal 4 den Rialachán sin lena gcumhdaítear na conarthaí díorthach thar an gcuntar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo i dtaca leis an tríú tír ábhartha;";

(b) cuirtear isteach an mhír 3 seo a leanas:

"3. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, maidir le conarthaí a bhaineann le haicme díorthach thar an gcuntar a leagtar amach san Iarscríbhinn, beidh éifeacht ag an oibleagáid imréitigh ón 18 Feabhra 2022 i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) níl an oibleagáid imréitigh gníomhachtaithe faoin 18 Feabhra 2021;

(b) déantar na conarthaí a nuachan chun contrapháirtí atá bunaithe i mBallstát a chur in ionad contrapháirtí atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe, agus chun na críche sin amháin";

(2) Scriostar Airteagal 4.

Airteagal 3

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1178

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1178 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre, pointe (a):

"(a) 30 Meitheamh 2022 i gcás nár glacadh cinneadh coibhéise de bhun Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 chun críocha Airteagal 4 den Rialachán sin lena gcumhdaítear na conarthaí díorthach thar an gcuntar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo i dtaca leis an tríú tír ábhartha;"

(b) cuirtear isteach an mhír 3 seo a leanas:

"3. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, maidir le conarthaí a bhaineann le haicme díorthach thar an gcuntar a leagtar amach san Iarscríbhinn, beidh éifeacht ag an oibleagáid imréitigh ón 18 Feabhra 2022 i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) níl an oibleagáid imréitigh gníomhachtaithe faoin 18 Feabhra 2021;

(b) déantar na conarthaí a nuachan chun contrapháirtí atá bunaithe i mBallstát a chur in ionad an chontrapháirtí atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe.";

(2) Scriostar Airteagal 4.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Nollaig 2020.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN